TÁ FOLÚNTAS AG

# JMB/AMCSS

## Oifigeach páirtaimseartha Taighde agus Forbartha

### Joint Managerial Body (JMB) / Association of Management of Catholic Secondary Schools (AMCSS)

Labhraíonn an JMB ar son bhoird bhainistíochta agus bhainistíocht scoile i suas le 400 meánscoil dheonach i bPoblacht na hÉireann. Cuireann an JMB tacaíocht agus comhairle ar fáil do mheánscoileanna deonacha agus déanann ionadaíocht orthu i ngach a bhaineann le bainistíocht scoile.

Tá ról lárnach ag an JMB mar fhoras ionadaíochta agus idirbheartaíochta do na boird bhainistíochta agus don bhainistíocht i meánscoileanna deonacha. Sa ról seo glacann sé páirt ghníomhach ar choistí náisiúnta éagsúla a phléann le polasaí agus cinntí i gcúrsaí oideachais in Éirinn agus déanann idirbheartaíocht ag leibhéal náisiúnta i ngach gné de bhainistíochta scoile.

**SONRAÍOCHT AN PHOIST:** Oibreoidh an t-Oifigeach páirtaimseartha Taighde agus Forbartha leis an Stiúrthóir Taighde agus Forbartha ar cheisteanna a bhaineann le curaclam agus pleanáil, dul i ngleic le riachtanais scoileanna agus dul i mbun gníomhaíochtaí agus oiliúna a thagann faoi chúram na heagraíochta. I measc na réimsí oibre beidh Oideachas Riachtanas Speisialta, Curaclam don Timthriall Sinsearach agus Sóisearach agus Foghlaim Digiteach, ach ní liosta teoranta é seo.

Is ról páirt-aimseartha é, le 20 uair oibre in aghaidh na seachtaine ar chonradh seasta 3 bliana. Sé an Secretariat of Secondary Schools a bheidh mar fhostóir.

**IONAD OIBRE:** Beidh an t-oifigeach lonnaithe in oifigí an JMB i dTeach Emmet, Baile an Mhuilinn, Baile Átha Cliath 14. Beidh taisteal taobh amuigh den oifig i gceist ó am go chéile, chomh maith le cuairteanna ar scoileanna.

**TUARASTAL:** Ag teacht le taithí.

**UAIREANTA OIBRE:** Titfidh na huaireanta oibre de ghnáth taobh istigh de ghnáthuaireanta oibre an Secretariat, sé sin ó 9am go dtí 5pm, Luan go hAoine. Ach d'fhéadfadh go mbeadh ar an té a cheapfar a bheith ar fáil ó am go chéile tráthnóntaí nó Dé Sathairn le haghaidh traenalá nó cruinnithe.

Glacfar le hiarratais suas go dtí 5.00pm ar an spriocdháta 8 Aibreán 2021.

Is fostóir comhdheiseanna é an JMB / AMCSS / Secretariat of Secondary Schools.

**Tá foirm iarratais agus sonraíocht an róil le fáil ar: www.jmb.ie**

**JMB Secretariat of Secondary Schools,**
**Emmet House,**
**Milltown,**
**Dublin 14,**
**D14 V3K8**

**Márta 2021**